Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**9183/20**

**TRANS 284**
**FIN 410**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8875/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 06/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Sustainable Urban Mobility in the EU: No substantial improvement is possible without Member States' commitment* [Soghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe san Aontas Eorpach: ní féidir feabhas suntasach a chur ar an scéal gan gealltanas ó na Ballstáit]<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 06/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *Sustainable Urban Mobility in the EU: No substantial improvement is possible without Member States' commitment* [Soghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe san Aontas Eorpach: ní féidir feabhas suntasach a chur ar an scéal gan gealltanas ó na Ballstáit], mar a formheasadh iad tríd an nós imeachta i scríbhinn an 26 Meitheamh 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le**
**Tuarascáil Speisialta Uimh. 06/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
***Sustainable Urban Mobility in the EU: No substantial improvement is possible without Member States' commitment [Soghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe san Aontas Eorpach: ní féidir feabhas suntasach a chur ar an scéal gan gealltanas ó na Ballstáit]***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 06/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndéanann an Tuarascáil Speisialta measúnú ar a éifeachtaí a bhí an tacaíocht ón Aontas ó thaobh rannchuidiú le feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht uirbeach ar bhealach inbhuanaithe.

3. AONTAÍONN SÍ faoina thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe san Aontas agus AITHNÍONN SÍ na naisc idir an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe, laghdú ar thruailliú an chomhshaoil, an t-athrú aeráide, cáilíocht saoil níos fearr agus fás eacnamaíoch.

4. ADMHAÍONN SÍ iarrachtaí an Choimisiúin chun raon doiciméad beartais agus treoir maidir le soghluaisteacht uirbeach a eisiúint.

5. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur chuir cathracha raon tionscnamh i bhfeidhm le blianta beaga anuas chun cáilíocht agus cainníocht na seirbhísí iompair phoiblí a leathnú.

6. ADMHAÍONN SÍ, áfach, go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar gheall ar an iompar de bhóthar agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le hiarrachtaí neartaithe sa chur chuige i dtreo iompar inbhuanaithe.

7. AITHNÍONN SÍ go bhfuil méid suntasach cistiúcháin curtha ar fáil ag an Aontas chun tacú le cuspóirí beartais maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe.

8. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go leanfadh an tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe de bheith ina tosaíocht faoi chuimsiú an chreata airgeadais ilbhliantúil atá le teacht.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS, áfach, nach mór infheistíochtaí i mbonneagar agus i rothra iompair phoiblí, ar féidir leis an Aontas tacaíocht airgeadais a chur ar fáil dó, a chomhlánú le hacmhainní airgeadais iomchuí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun oibriú agus cothabháil leordhóthanach an ghréasáin iompair phoiblí a áirithiú.

10. AONTAÍONN SÍ go gcuidíonn glacadh Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMPanna) agus measúnú seachtrach ar cháilíocht na SUMPanna glactha, a d'fhéadfadh údarás poiblí a dhéanamh má fhoráiltear dó sin leis an reachtaíocht náisiúnta, le feabhas a chur ar an inrochtaineacht ar limistéir uirbeacha agus ar an tsoghluaisteacht inbhuanaithe sna limistéir uirbeacha fheidhmiúla, chucu agus laistigh díobh.

11. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le gníomhaíocht ó na geallsealbhóirí uile chun go mbeidh an tsoghluaisteacht uirbeach san Aontas inbhuanaithe comhleanúnach agus AITHNÍONN SÍ go n-éilítear ceannaireacht pholaitiúil shuntasach, cumarsáid agus cur chun feidhme comhsheasmhach le soghluaisteacht uirbeach chun go nglacfaidh saoránaigh agus gnólachtaí léi.

12. AONTAÍONN SÍ le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa gur gá sonraí níos fearr a fhoilsiú maidir le soghluaisteacht uirbeach agus SUMPanna i nóid uirbeacha an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair, ar bhealach neodrach, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach.

13. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar réigiúin agus ar chathracha cistí an Aontais a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an tsoghluaisteacht uirbeach, go háirithe i gcomhthéacs na Teachtaireachta ón gCoimisiún, "An Comhaontú Glas".

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfar, leis an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair de bharr COVID-19, cónaitheoirí uirbeacha a dhíspreagadh ó iompar poiblí a úsáid agus dá bhrí sin CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá úsáid an iompair phoiblí in éineacht le rothair agus le modhanna inbhuanaithe eile a chur chun cinn i gcóras ilmhódach, chun muinín a chothú, plódú tráchta ar bhóithre a laghdú, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus cuspóirí na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.